

SEÁN VAL AN SGÉALOIDHE

Bhí sgéalaidhe maith i nDubhithir, fear a dtugaidís Seán Val Sheáin Mhic Eoghain air. De Chlann Mhic Con Ríogh é. Bhí sé ina bhuachaill ábalta agus chuaigh se go Sasana le bochtaineacht ag dul a’ saothrú a bheathaidh níos túisge ná thuitfeadh sé isteach leis an gcreideamh Protastúnach, mar bhí go leor de mhuinntir an bhaile tuitthe ag an am sin.

Ní raibh sé ach bliain i Sasana nuair a thosaigh sé ag cailleadh an amhairc (afairc). Cheap sé ins an am sin gur obair the istigh ba chionntaigh leis. Dubhairt se leis féin go bhfágfadh sé é agus go dtiocfaidh sé abhaile níos túisge ná d’iomtheochadh an t-amharc uiliug uaidh. Faoi cheann bliana bhí sé ina dhall uiliug. D’fhoghlaim sé bheith ina chainnteoir le rian agus meabhair a chinn, agus go raibh sé indon sgéal a innseacht faoi ríoghachta an domhain—cén chaoi ar mhaireadar agus céard a bhí ar bun acab. Nuair a chonaic muinntir an bhaile chomh meabhrach agus bhi sé ní raibh am ar bith le cois aca nach dtagaidís chomh fada le Seán ag coinneál cainnte leis, agus ag iarraidh breitheamhnas ar bith nach fhios aca cheana; as a dheireadh go ndearnadar máighistir de ar an mbaile ar fad. Nuair a chuala cuid den tír taobh amuich den bhaile sgéalta Sheáin bhíodar féin a’ tigheacht i bhfad agus i ngearr chomh fada leis. An fear a bhí acmhuinneach (acú-) bhi sé ag tabhairt luach saothair dhó, ach ní raibh aon fhear nach raibh ag tabhairt a bheag nó a mhór dhó.

“Anois”, adeir Seán lá leob “ní bheidh aon lá sgreas’ ar an mbaile sinne go deo go gcuirimid deis eicint ar an gcreideamh Protastúnach a dhíbirt as seo; mar is beag a’ tiontú suas a thiocfas ins an aimsir nuair a chaillfeadh chuile fhear an Creideamh Caitliceach, agus d’ionntódh sé anonn ar an taobh eile mar gheall ar an méid beag brabach tá siad a fhaghail orthab”. Labhrúigheadar féin le chéile agus dubhradar go raibh cosamhlacht na fírinne ar chainnt Sheáin. “Tá sé chomh maith dhúinn uiliug a chomhairle a dhéanamh” ar said.

Tháinig chuile fhear i n-éinfheacht go dtí é agus d’fíafuigheadar dhe cén deis ab fhearr le cur orthab le n-a ndíbirt. “Anois”, adeir Seán, “báthaidh a gcuid bád ar dtús agus ní bheidh aon deis acab le dhul ‘un a bhaile mhóir ná tada a fhaghail as mara dteigh siad timcheall an bóthar; ansin stopfaimid carr ar bith ó bheith a’ déanamh aon tseirbhís dóibh.

Rinneadar é seo agus dubhradar (na Gaill) annsin le chéile nach raibh aon ghnaithe acab fanacht ansin níos fuide. i ndiaidh an am sin ní rabh feasta ach aon fhear amháin a bhí ag breathnú i ndiaidh an teampaill agus na háite. Bhíodar dá íoc ar feadh dhá bhliain a’ súil go n-athróchadh na daoine agus go dtiocfaidís isteach aríst ach as a dheireadh b’éigin dó sin imtheacht agus chomh agus fuaireadar (na daoine) glanta ar siúbhal é leagadar an cloigeann den teampall agus de theach an mhinistéara agus den teach sgoile agus dhá raibh ann. Níl ann ach na ballaí anois agus go deo aríst ní chuirfidh aon fhear den dream sin fúthab ann. Tharla an méid sin mar gheall ar Sheán Mac Ríogh agus mar gheall ar an amhrán a rinne sé fúthab.

Bhí gabháltas agus teach i nDubhdhithir aige. Phós a chuid dreifiúracha agus d'fhan an áit ag Seán. Bhí sé ina chomhnaidhe leis féin agus é ina dhall, gasúir a' bhaile ag tabhairt cannaí chuige agus a dhul 'un a tsiopa. Ní raibh sé indon aon obair a dhéanamh, chaitheadh sé an lá a' siubhal ó bhinn go binn an tighe taobh amuich. Bhí casán gearrtha sa leic aige a' siubhal ó bhinn go binn a' tighe.

Nuair a labhraíodh duine leis bhí sé indon a ghlór a aithneachtáil ar a' bpointe, agus fáilte a chur roimhe dá mbeadh sé fiche bliain gan a chloisteál. Bhí mise i mo chomhnaidhe ar an gCoillín. Ní fhaca mé ariamh é ach aon uair amháin. i gceann deich mbliana nuair a chuala sé mo ghlór aríst d'aithnigh sé ar an bpointe mé.

Tá sé ráite go dtáinig easpog gallda anall ó Shasana ag iarraidh air dhul anonn a'cainnt in aghaidh an Chreidimh Chaitlicigh agus go mbeadh sé saidhbhir go bráth. Dúirt Seán nach ndéanfadh sé a leitheide.

I Muigh-Iorrus dom ar an 22adh lá de Mheitheamh '34 i radharc na mbeann, 'ach re paiste acu geal agus dubh-ghorm ag gréin agus néalta.